IONSAR COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA DON TRÉIMHSE IAR-2020

An athchóiriú mór ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) in 2013, tháinig sé i bhfeidhm in 2015. Ghabh na hinstitiúidí Eorpacha orthu go nglacfaidís athchóiriú nua, agus Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 á chur san áireamh acu, roimh dheireadh na tréimhse reatha (2020).

BUNÚS DLÍ

Tograí reachtacha maidir le CBT tar éis 2020 [COM(2018)0392, 0393 agus 0394 an1 Meitheamh 2018] agus togra Creata Airgeadais Ilbhliantúil nua (CAI) 2021-2027 [COM(2018)0322 an 2 Bealtaine 2018].

CUR CHUN FEIDHME CBT 2014-2020

Foilsíodh na bunrialacháin atá mar bhunús leis an CBT nua i mí na Nollag 2013. Ba cheart do na Ballstáit roghanna ríthábhachtacha a dhéanamh in 2014 i bhfianaise éagsúlacht chur i bhfeidhm rialacha mionsonraithe chóras nua na n-íocaíochtaí díreacha agus na solúbthachta a thugann sé dóibh. D'úsáid formhór na mBallstát seachas ceann amháin (an Ghearmáin) rogha na n-íocaíochtaí cúpláilte ag a bhfuil rátaí an-éagsúil; chinn ocht mBallstát ina measc an íocaíocht athdháilte a chur i bhfeidhm agus chuir cúig Bhallstát déag scéim na bhfeirmeoirí beaga i bhfeidhm. Maidir leis an "íocaíocht ghlas", thug cúig Bhallstát an rogha do na feirmeoirí roinnt dá gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh trí chleachtais choibhéiseacha a ghlacadh. Chomh maith leis sin, tá éagsúlacht shuntasach laistigh den Aontas idir na roghanna do na limistéir talún arna n-ainmniú mar 'Limistéir a bhfuil Fócas Éiceolaíochta ag baint leo' (an rogha is coitianta ná plandaí fosaithe nítrigine — úsáideann na tíortha go léir iad seachas an Danmhairg — ach níl ach ocht dtír a chuir léibhinn san áireamh ina liosta). Ina theannta sin, d'aistrigh cúig thír déag méideanna idir an dá cholún: bhí na glan-aistrithe ón gcéad go dtí an dara colún thart ar EUR 4 bhilliún don tréimhse ina hiomláine.

Maidir leis an dara colún, d'fhormheas an Coimisiún idir mí na Nollag 2014 agus mí na Nollag 2015 an 118 gclár forbartha tuaithe go léir a tharraing an fiche-hocht mBallstát suas. Roghnaigh fiche Ballstát clár náisiúnta aonair a chur chun feidhme, agus roghnaigh ocht gcinn acu níos mó ná clár amháin a úsáid (lena gceadófaí, mar shampla, cuimsiú níos fearr a dhéanamh ar a struchtúr geografach nó riaracháin) (féach Bileog Eolais 3.2.6).

ULLMHÚCHÁIN DON CBT IAR-2020

Thosaigh obair ar an CBT iar-2020 le hUachtaránacht na hÍsiltíre ar an gComhairle ag cruinniú neamhfhoirmiúil i mí na Bealtaine 2016. Le huachtaránachtaí na Comhairle ina dhiaidh sin, leanadh leis an tionscnamh a gabhadh de láimh agus machnamh á dhéanamh ar na príomhdhúshláin a gcaithfear dul i ngleic leo (cleachtais tráchtála éagóracha sa slabhra agraibhia, athrú aeráide agus acmhainní uisce, bainistíocht riosca nó ról íocaíochtaí cúpláilte, etc.).

Ó thaobh an Choimisiúin de, chruthaigh sé tascfhórsa i mí Eanáir 2016 a raibh de chúram air machnamh a dhéanamh ar thodhchaí bheartas an mhargaidh talmhaíochta, tascfhórsa a rinne a thuarascáil chríochnaitheach a thíolacadh i mí na Samhna 2016. Maidir leis an Dara Colún, ba é a bhí mar thoradh ar chomhdháil 'Chorcaigh 2.0' i mí Mheán Fómhair 2016, gur glacadh dearbhú lenar leagadh amach deich bpríomhthreoirlíne bheartais maidir le todhchaí an bheartais forbartha tuaithe san Eoraip.

Tráth a rinneadh athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, ghlac an Coimisiún togra reachtach 'omnibus' an 14 Meán Fómhair 2016 (COM(2016) 0605), ar togra é a raibh tionchar aige ar líon mór beartas Eorpach, lena n-áirítear an CBT. I bprionsabal, an aidhm a bhí ann ná coigeartuithe teicniúla a dhéanamh ar na bunghníomhartha atá i bhfeidhm chun na hionstraimí atá ann cheana a shimpliú. Ar deireadh, ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa, is mion-athchóiriú ceart an oibríocht anois ar an CBT. Bhain Parlaimint na hEorpa leas as na moltaí ó Thascfhórsa na Margaí Talmhaíochta chun leasuithe forlíontacha a chur isteach a bhfuil sé mar aidhm leo na sásraí atá i bhfeidhm a fheabhsú. Thángthas ar chomhaontú leis an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair agus foilsíodh an téacs i mí na Nollag 2017 [Rialachán (AE) 2017/2393, IO L 350 an 29.12.2017]. Baineann na feabhsuithe a comhaontaíodh le raon feidhme na n-eagraíochtaí táirgeoirí, le neartú an árachais talmhaíochta agus na n-uirlisí cobhsaithe ioncaim, leis na rialacha maidir le híocaíochtaí glasa agus le híocaíochtaí d'fheirmeoirí óga, agus leis an sainmhíniú ar 'fheirmeoir gníomhach' (rud a chuireann ar chumas na mBallstát é sin a chur i bhfeidhm go han-solúbtha).

Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí maidir le todhchaí an CBT i mí Feabhra 2017, comhairliúchán a tugadh chun críche i mí na Bealtaine 2017. Ina dhiaidh sin, thíolaic an Coimisiún a theactaireacht dar teideal "Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta" an 29 Samhain 2017 [COM(2017)0713]. Leis an doiciméad sin, a bhí an-doiléir ó thaobh oibriúcháin de, leagadh béim ar an rialachas talmhaíochta, ar teachtaireacht í lenar fógraíodh athrú radacach ar shamhail chur chun feidhme CBT. Tar éis tuarascáil féintionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa (tuarascáil Dorfmann) a bheith ann maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún, glacadh rún i suí iomlánach an 30 Bealtaine 2018 [P8_TA(2018)0224].

COMHTHÉACS ATHCHÓIRIÚ AN CHOMHBHEARTAIS TALMHAÍOCHTA I NDIAIDH 2020

Maidir leis an gcinneadh athchóiriú a dhéanamh ar CBT in 2013, rinneadh é i lár an chúlú eacnamaíochta. Ó shin i leith, tá an timpeallacht eacnamaíoch agus institiúideach tar éis athrú. Tá fás tagtha ar ais ach tá sé fós an-íseal. Thairis sin, mhéadaigh forbairtí geopholaitiúla éiginnteacht na margaí (imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas i mí Eanáir 2020, géarchéim chomhpháirtíocht thraidisiúnta idir AE agus na Stáit Aontaithe tar éis thoghadh an Uachtaráin Trump). Os a choinne sin, tá meirbhliú ar an trádáil iltaobhach trádála gan na comhaontuithe déthaobhacha atá ag fás a bheith in ann na treochtaí chun caomhnaitheachta agus na coinbhleachtaí trádála a mhaolú. Ar deireadh, tá dúshláin nua ann maidir le hathrú aeráide agus le hinbhuanaitheacht a ghabhann le teacht i bhfeidhm Chomhaontú Pháras (COP 21) agus gealltanais na Náisiún Aontaithe ar son forbairt inbhuanaithe, cé go bhfuil mórthionchar ag nuálaíochtaí teicneolaíochta, agus go háirithe ag an réabhlóid dhigiteach ar tháirgeadh, próiseáil agus dáileadh earraí bia.

NA TOGRAÍ REACHTACHA MAIDIR LEIS AN GCOMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA I NDIAIDH 2020

Leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) don tréimhse 2021-2027 [COM(2018)0322 an 2 Bealtaine 2018], bunaíodh buiséad talmhaíochta na todhchaí. Fiú má leanann an tAontas cuid mhór dá bhuiséad a chaitheamh ar an talmhaíocht (28.5% den tréimhse iomlán) (féach Bileog eolais 3.2.10, Tábla I), tá laghduithe suntasacha i dtéarmaí réadacha (-15 %), mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe (glan-ranníocóir leis an mbuiséad) agus na riachtanais mhaoinithe a eascraíonn as tosaíochtaí nua an Aontais (imirce, teorainneacha seachtracha, geilleagar digiteach, iompar). Is ionann an t-imchlúdach talamhíochta agus EUR 324.2 billiún i bpraghsanna tairiseacha 2018, ar cheart é a chur i gcomparáid leis an mbuiséad roimhe sin don tréimhse 2014-2020, tar éis caiteachas a asbhaint don Ríocht Aontaithe (féach Bileog eolais 3.2.10, Tábla I, colún 1). Coinníonn an chéad cholún a phríomacht (an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), 78,4 %), fiú má laghdaíonn sé 11 %, cé gurb é forbairt na tuaithe an caillteoir mór, arb ionann é agus ísliú 28 %.

Ar bhonn an CAI nua, tá trí thogra le haghaidh Rialacháin curtha isteach ag an gCoimisiún, ar tograí iad lena leagfar síos an creat rialaitheach le haghaidh CBT le linn na tréimhse 2021-2027 [COM(2018)0392, 0393 agus 0394 an 1 Meitheamh 2018]. Is é croílár an athchóirithe samhail chur chun feidhme an CBT dírithe ar thorthaí agus ar choimhdeacht, lena dtabharfar ról níos lárnaí do na Ballstáit in imscaradh idirghabhálacha talmhaíochta. Amach anseo, ba cheart don Aontas na paraiméadair bhunriachtanacha a leagan síos (spriocanna CBT, príomhchineálacha idirghabhála an chéad agus an dara colún), agus ag an am céanna ba cheart do na Ballstáit pleananna straitéiseacha ilbhliantúla a dhearadh chun na spriocanna agus na haidhmeanna sonracha arna gcinneadh go comhpháirteach a bhaint amach.

Díreoidh an CBT todhchaí ar naoi sprioc lena léireofar a ilghnéitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shoch-chríochach. Coinneoidh sé a dhá cholún agus a dhá chiste talmhaíochta chun tacú le cláir náisiúnta de réir raon beart arna roghnú de réir cur chuige comhtháite. I gcás ar bith, leanfaidh na híocaíochtaí díreacha (díchúpláilte agus cúpláilte) de bheith ina ngnéithe tosaíochta den CBT nua.

Chomh maith le rialachas nua an CBT, is iad seo a leanas buaicphointí eile na dtograí athchóirithe:

— Maidir leis an gcéad cholún, tugtar spreagadh nua d'athdháileadh na tacaíochta dírí: molann an Coimisiún laghdú ar íocaíochtaí os cionn EUR 60 000 agus uasteorainn éigeantach ar mhéideanna is mó ná EUR 100 000 in aghaidh na feirme Ina theannta sin, aistrítear na cláir idirghabhála de réir earnála ó chomheagrú na margaí (CEM) chuig na pleananna náisiúnta straitéiseacha nua;

— Tá an ailtireacht ghlas nua i bhfad níos solúbtha ina dhearadh agus ina bhainistiú, arb ailtireacht í arna cur ar iontaoibh na n-údarás náisiúnta. Tá trí chomhpháirt aici: an choinníollacht nua (éigeantach, ach níos solúbtha i gcás na mionsonraí); na cláir don aeráid agus don chomhshaol (a bheidh maoinithe ag CERT agus a chuirfear in ionad na híocaíochta glaise atá i bhfeidhm) agus na bearta agra-chomhshaoil agus aeráide (arna maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT));

— Maidir leis an dara colún: ní Ciste Struchtúrtha a thuilleadh é CETFT faoi chreat comhchoiteann an bheartais chomhtháthaithe; tá an ráta cómhaoinithe laghdaithe deich bpointe; díríonn an Coimisiún na hidirghabhálacha ar mhaithe le simpliú, cé go gcailleann roinnt beart a n-infheictheacht (cosúil le talmhaíocht éiceolaíoch); ar deireadh, is faoi fhreagracht an bheartais chomhtháite a théann rialacha chlár Leader, fiú má dhéantar a mhaoiniú a áirithiú leis an mbuiséad talmhaíochta.

NA DÍOSPÓIREACHTAÍ ATÁ AR SIÚL

Sna tuairimí tosaigh i ndáil leis na tograí ón gCoimisiún, taispeántar comhaontú forleathan maidir leis na cuspóirí atá beartaithe ach léiríonn siad difríochtaí móra sna modhanna chur chun feidhme chun iad a bhaint amach agus simpliú agus éifeachtúlacht na bainistíochta a ráthú.

Seo a leanas na príomhábhair aighnis: na ciorruithe buiséadacha dá bhforáiltear sa CBT don tréimhse 2021-2027; raon feidhme na bpleananna straitéiseacha náisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith an-difriúil agus gan na cuspóirí a leagtar síos ar an leibhéal Eorpach a chomhlíonadh (go háirithe ar leibhéal an chomhshaoil); uasteorainn éigeantach na cabhrach, a meastar é a bheith róshriantach d'fhormhór na mBallstát agus dá n-eagraíochtaí gairmiúla, atá níos fabhraí do réiteach roghnach; leibhéal agus luas chóineasú seachtrach na tacaíochta dírí (d'iarr seacht mBallstát dlús a chur le comhchuibhiú na tacaíochta in aghaidh an heicteáir i gcás na 27, ach tá ocht mBallstát eile go daingean in aghaidh an chur chuige sin); na hualaí riaracháin a eascraíonn as na ceanglais feidhmíochta nua; ar deireadh, tá aird tarraingthe ar raon feidhme roinnt gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, go háirithe toisc go bhféadfaidís dul thar inniúlachtaí bainistíochta an Choimisiúin.

Is léir nach féidir comhaontú an CBT a ghlacadh gan comhaontú airgeadais mar gheall ar thábhacht bhuiséadach na n-ionstraimí talmhaíochta. Mar a bhítear ag dréim leis, an éagsúlacht mhór tuairimí atá ann maidir leis an gcreat buiséadach a bheidh ann amach anseo, bhí tionchar aici ar an idirbheartaíocht talmhaíochta. I mí na Nollag 2019, rinne Uachtaránacht na Fionlainne ar an gComhairle iarracht teacht ar chomhréiteach maidir le leibhéal foriomlán chreat airgeadais 2021-2027 agus maidir le dáileadh caiteachais idir beartais thraidisiúnta an Aontais (CBT, comhtháthú) agus tosaíochtaí nua. San áireamh sa togra bhí laghdú den chreat airgeadais ilbhliantúil go dtí 1.07 % d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais agus an buiséad forbartha tuaithe á neartú le EUR 10 mbilliún (féach Bileog eolais3.2.10, Tábla I, colún 4), gan comhaontú a bheith mar thoradh air. Tar éis an chéad teip sin, tháinig ceannairí stáit agus rialtais san Aontas le chéile arís an 20 agus an 21 Feabhra 2020. Chuir Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, togra i láthair, a mhéadaigh go beag an buiséad iomlán don tréimhse 2021-2027 i gcomparáid le moladh Uachtaránacht na Fionlainne (1.074 % de OIN), agus a laghdaigh faoi 14 % an méid foriomlán a leithdháileadh ar CBT (Féach Bileog Eolais3.2.10, Tábla I, colún 5). I ndiaidh dhá lá de dhíospóireacht, socraíodh na línte dearga idir cosantóirí CBT agus na mbeart comhtháthaithe, ar thaobh amháin, agus na tíortha "coigilteacha" atá i bhfabhar buiséid níos doichte go 1 % de OIN, ar an taobh eile, agus bhí ionadaithe na 27 mBallstát scartha óna chéile gan chomhaontú.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa gur cheart maoiniú an CBT a choinneáil i dtéarmaí réadacha tar éis 2020 [P8_TA(2018)0449 an 14.11.2018] (féach Bileog eolais 3.2.10, Tábla I, colún 3). Ina dhiaidh sin, cheap an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (Comagri) rapóirtéirí do gach gníomh reachtach: Esther Herranz (Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh) maidir le hailtireacht nua an CBT; Ulrike Müller (Grúpa Chomhghuaillíocht na Liobrálaithe agus na nDaonlathaithe don Eoraip) maidir leis an rialachán nua trasearnála; agus Eric Andrieu (Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa) maidir leis an togra leasaithe le haghaidh CEM. I mí Aibreán 2019, vótáil Comagri ar na trí shnáithe de na moltaí. I measc na leasuithe a glacadh, baineann na cinntí cinniúnach leis na nithe seo a leanas:

— CEM: bearta rialaithe soláthair a neartú mar obair leantach ar an bpacáiste bainne; rialacha na hiomaíochta a fheabhsú chun eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh tuilleadh; agus leathnú amach uirlisí rialála earnáil an fhíona;

— Na Pleananna Straitéiseacha ag tosú in 2022; cóineasú seachtrach na tacaíochta in aghaidh an heicteáir le tabhairt chun críche in 2027; ag díriú ar an leithdháileadh airgeadais faoin gcéad cholún (60% don bhuníocaíocht agus an íocaíocht athdháilte; 20 % don chlár éiceolaíochta; 10 + 2 % do thacaíocht chúpláilte; 3 % do scéimeanna earnála); leithdháileadh airgeadais an dara colún (ag díriú ar 30% de chuspóirí comhshaoil agus 30% de bhearta infheistíochta agus bainistíochta riosca); uasteorannú na cabhrach ag EUR 100 000 mura gcuireann na Ballstáit íocaíocht athdháilte de 10 % i bhfeidhm; aistrithe ón gcéad go dtí an dara colún a theorannú ag 15 % agus ón dara go dtí an chéad cholún a theorannú ag 5 %;

— an Rialachán Cothrománach: an creat comhchoiteann a fheabhsú le haghaidh iniúchtaí agus rialuithe; cúlchiste géarchéime arna mhaoiniú le EUR 1.5 billiún.

I ndiaidh na dtoghchán Eorpach i mí na Bealtaine 2019, thosaigh na Feisirí nuathofa ag déanamh athbhreithniú ar na leasaithe a ghlac Comagri le linn an reachtais roimhe sin d'fhonn clabhsúr a chur leis an gcéad léamh i mí an Mheithimh 2020.

Beidh forluí ann idir céim dheireanach na n-idirbheartaíochta talmhaíochta agus na díospóireachtaí ar an "gComhaontú Glas don Eoraip", ar cuireadh tús leo an 11 Nollaig 2019 le Teachtaireacht ón gCoimisiún [COM(2019)0640]. Leis an gComhaontú Glas, beartaítear samhail fáis inbhuanaithe a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a thógáil do 2050, a mbeidh éifeachtaí móra aige ar an gcóras agraibhia Eorpach. Táthar ag dréim le tograí sonracha i Márta 2020 maidir le réimsí éagsúla: an bhithéagsúlacht, foraoisí nó leibhéil na n-astaíochta gás ceaptha teasa, i measc réimsí eile, agus, go háirithe, an straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc" a bhfuil sé d'aidhm aici sábháilteacht bia a neartú, úsáid lotnaidicídí, leasúchán agus antaibheathach a laghdú, tacú le nuálaíocht sa talmhaíocht agus feabhsú a chur ar fhaisnéis do thomhaltóirí. I ndiaidh na ngníomhaíochtaí arna nglacadh faoi chuimse an chomhaontaithe ghlais, ní mór iad a leanúint le pleananna straitéiseacha náisiúnta a bheidh le cur i láthair le linn 2021 agus a bheidh le cur chun feidhme, i bprionsabal, ón mbliain 2022.

Albert Massot
02/2020